

Rogha Ábhar: Bileog Acmhainní do Mhic Léinn

B'fhéidir go n-iarrfadh an iar-bhunscoil ort cuid de na hábhair is mian leat staidéar a dhéanamh orthu a roghnú.

Is dócha go dtarlóidh sé seo:

- o Le linn na chéad bhliana, nuair a roghnaíonn tú ábhair nó gearrchúrsaí don tSraith Shóisearach (an chéad, an dara agus an tríú bliain)
- o Sa tríú bliain, don Idirbhliain (TY)
- o Nó, sa chás nach bhfuil aon Idirbhliain ann, sa tríú bliain don tSraith Shinsearach (an cúigiú agus an séú bliain)
- o San Idirbhliain don tSraith Shinsearach

Tugann an bhileog acmhainní seo breac-chuntas ar chóir duit machnamh a dhéanamh air sula roghnaíonn tú ábhair.

Ní chuireann sé freagraí ar fáil ach moltar an cineál ceistanna a chuirfeá ort féin agus ar dhaoine eile, cosúil le do thuismitheoirí, sula roghnaíonn tú do chuid ábhar.


Moltar duit tosú ag déanamh machnaimh ar na ceistanna seo sula gcaithfidh tú a roghnú.

Dá luaithe a thosaíonn tú, is amhlaidh is mó eolais a bheidh agat chun cinntí maithe a dhéanamh.

Moltar duit freisin labhairt le thuismitheoirí agus le daoine tábhachtacha eile i do shaol, cosúil le do chomhairleoir gairmthreorach, agus machnamh á dhéanamh agat ar na ceistanna sin.

Beidh tionchar ag an gcineál duine tú féin ar do roghanna maidir le do ghairm amach anseo.

Ar an gcéad amharc, d'fhéadfadh sé go mbreathnaíonn freagraí na gceistanna ríshoiléir. Ach nuair a aimsítear freagraí ar cheistanna fút féin agus ar do chuid sainroghanna, nochtar níos mó ceistanna agus d'fhéadfadh go mbeadh cabhair ó dhaoine eile ag teastáil uait le freagraí a fháil.



Bíonn tionchar ag an tslí a ndéanann tú cinntí agus an tslí a ndéanann tú machnamh ar rudaí ar do chuid roghanna freisin. Mar shampla, an ndéanann tú cinntí go tapa nó an maith leat do chuid ama a thógáil? Bíonn sé cabhrach labhairt fúthu seo, go háirithe le do thuismitheoirí.

Is féidir leis na rudaí a bhfuil tú go maith acu nuair nach mbíonn tú sa scoil tionchar a imirt ar do chuid ábhar. D'fhéadfá a bheith go maith ag ceol nó ag ríomhairí nó ag cluichí, mar shampla. Má labhraíonn tú fúthu agus má dhéanann tú machnamh orthu beidh tionchar aige sin ar do rogha ábhar.

Seans go bhfuil smaointe eile ag daoine eile, cosúil le do thuismitheoirí agus le baill eile den teaghlach faoi rudaí eile a bhfuil tú go maith acu, fiú mura mbraitheann tú féin é.

Bíonn scoileanna ag súil go ndéanfaidh daltaí na hÉireann staidéar ar an **nGaeilge, an Béarla agus Matamaitic** tríd an iar-bhunscoil.

Sa tSraith Shóisearach, bíonn an chuid is mó de na scoileanna ag súil go ndéanfaidh daltaí staidéar ar **theanga eile agus ar eolaíocht**. Leagann Languages Connect béim ar an tábhacht a bhaineann leis an dara teanga a fhoghlaim.





Má bhíonn siad sin agat beidh tú in ann ábhair a roghnú sa tSraith Shinsearach a ullmhóidh tú chun dul isteach i go leor cúrsaí Ollscoile. Mar shampla, tá gá le teanga nua-aimseartha bhreise chun dul isteach i roinnt cúrsaí. Teastaíonn eolaíocht, i dteannta na Matamaitice, le haghaidh go leor cúrsaí i réimse na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus, ar ndóigh, na heolaíochta.

Tá riachtanais shonracha ann le dul isteach i gcúrsaí eile, cosúil le hard-ghrád sa mhatamaitic nó i nGaeilge, agus tá sé riachtanach ábhar amháin nó dhá ábhar eolaíochta a bheith agat le dul isteach i gcinn eile.

I gcás na Sraithe Sóisearaí, agus toisc go mbeidh cuid de na hábhair roghnaithe ag do scoil duit, beidh do rogha ábhar agus cúrsaí bunaithe go mór ar na rudaí a thaitníonn leat.

Fiafraigh duit féin ‘Cad iad na hábhair a thaitníonn liom?’

Cé acu de na hábhair scoile is fearr leat (agus an ceann is lú a thaitníonn leat agus gach rud eatarthu)?

An maith leat iad siúd mar gheall ar na rudaí a d'fhoghlaim tú nó mar gur thaitin an múinteoir leat? Cuimhnigh go mb'fhéidir go mbeadh múinteoirí eile agat do na hábhair sin amach anseo.

Ar mhaith leat staidéar níos mine a dhéanamh ar na hábhair sin don dá bhliain atá romhainn nó níos mó?

Bíonn sé úsáideach fiafraigh duit féin cén fáth gur maith leat nó nach maith leat na hábhair sin agus, mar an gcéanna, cén fáth gur maith leat nó nach maith leat gníomhaíochtaí eile sa scoil agus lasmuigh di. Smaoinigh ar na rudaí is maith leat, cosúil le do chuid caitheamh aimsire, agus na gníomhaíochtaí cosúil le staidéar dúlra, ceol, eolaíocht, stair a thaitin leat nuair a bhí tú sa bhunscoil. Ar thaitin leat a bheith ag cuidiú le himeachtaí éagsúla, cosúil le seónna nó rudaí a dhéanamh nó cabhrú le daoine eile? Seans go mbeidh tionchar ag freagraí na gceisteanna sin ar do roghanna ábhar.





Ansin cuir ceist ort féin faoi cé na hábhair a bhfuil tú go maith acu.

Ní gá gurb iad na hábhair a bhfuil tú go maith acu na hábhair is maith leat. Ní gá gurb iad na hábhair is maith leat na hábhair a bhfuil tú go maith acu. Más amhlaidh atá an scéal, ní mór duit fiafraigh duit féin cén fáth go bhfuil sin amhlaidh.

An féidir leat ábhair nach bhfuil staidéar déanta agat orthu roimhe seo a roghnú?


Is féidir le do mhúinteoirí ceisteanna a fhreagairt maidir le

- do thorthaí
- cé chomh dóchúil is atá sé go n-éireoidh leat in ábhar amach anseo
- na rudaí atá le foghlaim sna hábhair amach anseo
- an deis tús a chur le hábhar nua



Gheobhaidh tú eolas níos mionsonraithe faoi na hábhair atá ar fáil sa tSraith Shóisearach ar láithreán gréasáin Na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) ag <https://www.curriculumonline.ie/Home/Junior-Certificate-Fact-sheets>.

<u>Béarla</u>	<u>Matamaitic</u>
<u>Ceol</u>	<u>Míotalóireacht</u>
<u>Corpoideachas</u>	<u>Oideachas Reiligiúin</u>
<u>Eacnamaíocht Bhaile</u>	<u>OSSP</u>
<u>Ealaín, Ceird, Dearadh</u>	<u>OSPS</u>
<u>Eolaíocht</u>	<u>Spáinnis</u>
<u>Staidéar Imshaoil agus Sóisíolta</u>	<u>Staidéar Clasaiceach</u>
<u>Fraincis</u>	<u>Staidéar Gnó</u>
<u>Gaeilge</u>	<u>Stair</u>
<u>Gearmáinis</u>	<u>Teicneolaíocht</u>
<u>Grafaic Teicniúil</u>	<u>Teicneolaíocht Ábhar Adhmad</u>
<u>Iodáilis</u>	<u>Tíreolaíocht</u>
<u>Laidin agus Sean-Ghréigis</u>	



Agus tú ag roghnú don tSraith Shinsearach, is ceist thábhachtach eile í

‘Cad iad na hábhair a bheidh ag teastáil uaim do chúrsaí nó gairmeacha Ollscoile ar mhaith liom a leanúint?’

Má bhíonn roinnt smaointe agat faoi na rudaí ba mhaith leat a dhéanamh tar éis duit an scoil a fhágáil, cabhróidh sé leat tuilleadh ceisteanna a chur faoi na hábhair a bheidh ag teastáil uait.

Beidh ort smaoineamh go dáiríre orthu sin sula sroicheann tú deireadh na Sraithe Sóisearaí. Ba chóir duit a thabhairt ar aird, cé go mbeidh an chuid is mó de na daltaí rannpháirteach i gcineál éigin breisoideachais nó ardoideachais nó oiliúna tar éis dóibh an scoil a fhágáil, bíonn éagsúlacht mhór idir na riachtanais iontrála.

Beidh iontráil ar phoist agus cúrsaí tar éis dóibh an scoil a fhágáil ag brath den chuid is mó, ach ní go hiomlán, ar na hábhair a ndéanann tú staidéar orthu sa tSraith Shinsearach.

Beidh tábhacht ag baint le do ghráid fhoriomlána i do scrúduithe deiridh chomh maith. Cuirfidh do scoil eolas ar fáil faoi na hábhair is féidir léi a thairiscint.

Cabhróidh do chomhairleoir gairmthreoir leat eolas a fháil faoi na riachtanais iontrála do phoist agus do chúrsaí.

Acmhainní

Tá eolas an-úsáideach ag láithreáin ghréasáin cosúil le Qualifax ag <http://www.qualifax.ie/> agus CareersPortal ag <https://careersportal.ie/> a chabhróidh leat do cheisteanna a fhreagairt agus eolas eile a fháil a chuideoidh leat le do roghanna. Ar an gcaoi chéanna, tá eolas cothrom le dáta le fáil ar láithreán gréasáin NCCA ag <https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle> maidir leis na hábhair atá ar fáil sa tSraith Shinsearach. Leagann an láithreán gréasáin Languages Connect ag <https://languagesconnect.ie/why-study-a-language/> béim ar an tábhacht a bhaineann le teanga iasachta a fhoghlaim.

Priontáil

